C/2026/551

26.1.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12202 — MARUBENI / FACTOR ENERGIA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/551)

1. An 19 Eanáir 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Marubeni Corporation ('Marubeni', an tSeapáin),

— Factor Energia S.A. ('Factor Energia', an Spáinn).

Gheobhaidh Marubeni rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Factor Energia ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála agus infheistíochta é Marubeni atá gníomhach ar fud an domhain agus a bhfuil gníomhaíochtaí gnó éagsúla aige i réimsí fairsinge. Áirítear leis sin stíl mhaireachtála, réitigh TF, bia, gnó talmhaíochta, táirgí foraoise, ceimiceáin, miotail agus acmhainní mianracha, fuinneamh, cumhacht, tionscadal bonneagair, aeraspás agus long, airgeadas, léasú agus gnó eastáit réadaigh, tógáil, innealra tionsclaíoch agus soghluaisteacht, forbairt ghnó den chéad ghlúin eile agus forbairt chorparáideach den chéad ghlúin eile. Sa Phortaingéil, rialaíonn Marubeni go comhpháirteach Floene Energias, S.A. atá gníomhach go príomha i ndáileadh gáis meánbhrú agus ísealbhrú (< 20 bar) i réigiúin áirithe den Phortaingéil. Is é Floene oibreoir córais dáileacháin ('OCD') na líonraí dáileacháin seo a leanas: Lusitaniagas, Lisboagas, Setgas, Medigas, Duriensegas, Beiragas, Tagusgas, Dianagas, agus Paxgas.

— Is cuideachta soláthair agus seirbhísí fuinnimh é Factor Energia. Is é a phríomhghnó soláthar miondíola leictreachais agus gáis nádúrtha, arna chomhlánú le hionadaíocht gléasraí comhghiniúna agus giniúna in-athnuaite, agus soláthar seirbhísí a bhaineann le fuinneamh. Go háirithe, tá Factor Energia gníomhach mar sholáthróir miondíola gáis nádúrtha sa Phortaingéil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12202 — MARUBENI / FACTOR ENERGIA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË